Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7201/20**

**FIN 200**
**PE-L 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7142/20 (COM(2020) 170 final) |
| Ábhar: | An seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta le haghaidh 2020: Tacaíocht éigeandála a sholáthar do na Ballstáit agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh chun freagairt ar ráig COVID-19 |

1. An 2 Aibreán 2020, rinne an Coimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach (DAB) Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2020 a chur faoi bhráid na Comhairle.

   Is é is cuspóir do DAB Uimh. 2/EUR 2020 3 000 milliún a chur ar fáil i leithreasaí faoi chomhair gealltanas agus EUR 1 530 milliún i leithreasaí íocaíochta faoi cheannteideal 3 (*Slándáil agus Saoránacht*) chun maoiniú a dhéanamh ar sholáthar tacaíochta éigeandála laistigh den Aontas tríd an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, atá beartaithe a athghníomhachtú chun cuidiú le dul i ngleic le hiarmhairtí ráig COVID-19 agus chun an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh chun go bhféadfar stoc-charnadh a dhéanamh ar bhonn níos leithne agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar dháileadh acmhainní bunriachtanacha ar fud na hEorpa[1].

[1] Anuas ar an athneartú (EUR 80 milliún, as a dtagann EUR 10 milliún trí athdhíriú laistigh den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta) a áirítear in DAB Uimh. 1/2020 (7011/20 (COM (2020) 145 final).

2. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir le DAB Uimh. 2/2020 gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse ocht seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad DAB Uimh. 2/2020 ag an gcruinniú a bhí aige an 6 Aibreán agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis an méid seo a leanas:
  - DAB Uimh 2/2020 mar a leagtar amach in 7142/20 é,
  - treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir in Iarscríbhinn 2 a fhormheas chuige sin, agus
  - an seasamh ón gComhairle a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 é;
- cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an ngníomh a ghlacadh, agus
- a dhaingniú go n-aontaíonn sé, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, go gcinnfidh an Chomhairle maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

**IARSCRÍBHINN 1**

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

### lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2020 go cinntitheach an 27 Samhain 2019[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 2 Aibreán 2020, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2020;

– i bhfianaise ráig COVID-19 agus i bhfianaise a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim shláinte phoiblí a bhaineann léi, ní mór don Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2020 a ghlacadh gan mhoill. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le giorrú a dhéanamh ar an tréimhse ocht seachtaine maidir leis an bhfaisnéis do Pharlaimintí náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle,

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L 57, 27.2.2020, lch. 1.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 a ghlacadh an 14 Aibreán 2020.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Aibreán 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN 2**

DRÉACHTLITIR

ó : Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 don bhliain airgeadais 2020, a ghlac an Chomhairle an 14 Aibreán 2020, á chur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leith.

Is mise le meas.